**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. (a) An gcaithfear Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2016/679 [1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2015 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léiriú sa chaoi gurb ionann teaghrán carachtar lena ngabhtar roghanna úsáideora idirlín ar mhodh struchtúrtha agus meaisín-inléite, i ndáil le próiseáil a shonraí pearsanta, agus sonraí pearsanta de réir bhrí na forála sin ó thaobh (1) eagraíocht earnála a chuireann caighdeán ar fáil dá comhaltaí lena bhforordaítear conas an teaghrán carachtar sin a ghiniúint, a stóráil agus/nó a leithdháileadh go praiticiúil agus go teicniúil agus (2) na bpáirtithe a chuir an caighdeán sin chun feidhme ar a suímh ghréasáin nó ar a n-aipeanna agus ag a bhfuil rochtain, dá bhrí sin, ar an teaghrán carachtar sin?

   (b) An ndéanann sé difríocht chuige sin dá gciallódh cur chun feidhme an chaighdeáin sin go bhfuil an teaghrán carachtar sin ar fáil in éineacht le seoladh IP?

   (c) An mbeadh freagra difriúil ar Cheisteanna 1(a) agus (b) i gcás nach raibh rochtain dhlíthiúil ag an eagraíocht earnála féin a leag síos an caighdeán ar na sonraí pearsanta arna bpróiseáil faoin gcaighdeán sin ag a comhaltaí?

2. (a) An gcaithfear Airteagail 4(7) agus 24(1) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2015 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léiriú sa chaoi nach mór eagraíocht earnála a leagann síos caighdeáin a aicmiú mar rialaitheoir i gcás ina gcuireann sí caighdeán bainistíochta toilithe ar fáil dá comhaltaí ina bhfuil, in éineacht le creat teicniúil ceangailteach, rialacha ina leagtar síos go sonrach na socruithe nach mór úsáid a bhaint astu chun na sonraí maidir le toiliú sin, ar sonraí pearsanta iad, a stóráil agus a scaipeadh?

   (b) An mbeadh freagra difriúil ar Cheist 2(a) i gcás nach raibh rochtain dhlíthiúil ag an eagraíocht earnála sin, í féin, ar na sonraí pearsanta arna bpróiseáil faoin gcaighdeán sin ag a comhaltaí?

   (c) Más gá an eagraíocht earnála a leagann síos caighdeáin a aicmiú mar rialaitheoir nó mar chomhrialaitheoir i leith phróiseáil na roghanna d'úsáideoirí idirlín, an gcuimsítear go huathoibríoch sa (chomh)fhreagracht sin atá ar an eagraíocht earnála a leagann síos caighdeáin an phróiseáil arna dhéanamh ina dhiaidh sin ag tríú páirtithe, a bhfuil roghanna na n-úsáideoirí idirlín curtha ar fáil dóibh, amhail fógraíocht dhírithe ar líne arna dhéanamh ag foilsitheoirí agus díoltóirí?

[1] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 (IO 2016 L 119, lch. 1).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale di Pistoia (an Iodáil) arna taisceadh an 23 Meán Fómhair 2022 – QX v Agos Ducato SpA

**(Cás C-610/22)**

(2022/C 482/10)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunale di Pistoia

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* QX

*Cosantóir:* Agos Ducato SpA

**An cheist a tharchuirtear**

An mbaineann an ceanglas "*nach féidir teacht timpeall ar na forálacha a ghlactar agus [Treoir 87/202]* [1] *a chur chun feidhme mar thoradh ar an mbealach a ndéantar comhaontuithe a fhoirmliú*" a leagtar síos in Airteagal 14(2) den treoir sin, ach le mainneachtain APR a lua sa chonradh nó an mbaineann sé freisin le ráiteas mícheart APR i gcomhaontú?

[1] Treoir 87/102/CEE ón gComhairle an 22 Nollaig 1986 chun dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le creidmheas tomhaltais a chomhfhogasú (IO 1987 L 42, lch. 48).